

acu amach a sceanna agus scior siad i dtreo an ainmhí. Léim an mac tíre siar agus rith sé ó chorp an rí. Sheas Vajaka lena lámha ar a ghlúine. D'airigh sé teas ag rith anuas a chosa.

Ag teacht anuas le fána an chnoc fuair Nanór é fhéin ag rith chomh sciopaidh is a bhí sé in ann, anuas chuig an mactíre. Choinnigh sé a lámh ina phóca.

Ag bun an chnoic chonaic an mac tíre go raibh na saighdiúirí ag seasamh timpeall air ar gach taobh. I gcorcal thosaigh siad ag fáil níos gaire, cuid acu ag gáire leo féin mar nach raibh aon bhealach amach ag an ainmhí. Go tobann las a shúile buí.

Thit Nanór arís. Nuair a d'fhéach sé suas chonaic sé go raibh sé ós comhair cosa Vajaka. Sheas Nanór suas. Bhí boladh bréan san aer.

"Tá sé básaithe . . . tá . . . tá sé." a dúirt Vajaka fós ag féachaint díreach i dtreo an choirp. Phioc Nanór suas an choróin a bhí leath bháite sa talamh fliuch. Chaith sé ar ais sa talamh arís é. Ansin chuala sé scréachanna. Chas sé timpeall chun na saighdiúirí a fheiceáil ag tosnú ag rith ón ainmhí.

Mhoilligh saighdiúir amháin agus d'fhéach sé thar a ghualainn. Sheas chuile ribe gruaige ar chraiceann an mac tíre suas ar nós scuab. Las a shúile suas arís agus go tobann phléasc liathróid tine amach i dtreo na saighdiúirí. Chas Nanór timpeall arís díreach in am chun an liathróid a raibh meascán de dhearg agus dubh ann a fheiceáil ag lasadh suas in sa spéir. Thit cúpla saighdiúir anuas in aice le Nanór agus Vajaka. Thit ceann anuas ar an rí. Bhí an scian fós ina lámh ag an gcuid is mó dena saighdiúirí agus rith Nanór as an mbealach. Ní raibh an chiall céanna ag Vajaka. Sheas sé ansin gan corraí. Ansin chuala sé scread ós a chionn. D'fhéach sé suas díreach chun saighdiúir agus scian a fheiceáil ag teacht anuas i dtreo a éadain.

Sheas Nanór go ciúin. Ní raibh tada le cloisteáil níos mó seachas an bháisteach ag sméachadh ar an bpuiteach agus an ghiúníl a bhí ag teacht ó chúpla saighdiúir a bhí fós fágtha beo. Ansin thosaigh figiúr

dubh ag teacht thríd an mbáisteach. An mac tíre. D'fhéach sé i dtreo Nanór. Las a shúile agus thosaigh sé ag rith ina threo. Le cois Nanór bhí corp saighdiúir a bhí básaithe. Ar dhroim an choirp fuair Nanór bogha agus saighead. Bhí torann an mhictíre ag teacht níos gaire. Amach as a phóca tharraing Nanór amach an chrois agus go sciopaidh ghreamaigh sé leis an saighead é. Rith an mac tíre níos gaire. Tharraing sé an saighead siar. Léim an mac tíre san aer. Rinne Nanór paidir gan torann ar bith ag teacht óna bhéal. Lig sé leis an saighead. Ghearr sé thríd an aer, ag casadh timpeall agus bhuaíl sé an mac tíre san mbolg.

Druileáil an saighead an mac tíre díreach faoin gcliabhach agus thríd an gcráiceann. Go mall stop sé in san aer. Ar an bpointe phléasc solas mór buí amach as an ngearradh. Bhí an mac tíre ag caoineadh is é ag crochadh san aer. Go sciopaidh thosaigh réalta buí agus oráiste ag teacht anuas ón spéir ag eitilt timpeall ar an gcorp. Las corp an mac tíre agus rith leacht ar dhath an óir suas in san aer. In san leacht chonaic Nanór figiúr, figiúr de fhear. Bhí a bhéal ar oscailt ar nós go raibh sé scréachaí. Ansin tháing an torann, béicíl mhór ard, chraith an talamh, léim spotáí beaga uisce suas óna greallacha. Ansin phléasc an corp ina liathróid mhór de thine. Rith Nanór, d'airigh sé an teas taobh thiar dó agus é ag rith. Thit sé. Anuas ar an talamh a chuaigh sé agus d'fhéach sé suas. chonaic sé an tine ag seoladh go tapa suas san aer thar a chorp. Luí sé ansin ar feadh tamaill eile.

Nuair a bhí sé uilig thart shiúl sé thríd coirp na saighdiúirí. Bhí cnámha san áit a raibhí an mac tíre. Shiúil sé siar chucu agus chartaigh sé thríothe. In íochtar an charnáin fuair sé an chrois. Chuir sé isteach ina phóca é. Thosaigh saighdiúirí ag rith amach as geataí an chaisleáin. Sheas siad ansin. D'fhéach siad timpeall. Thríd an mbáisteach agus an deatach tháinig figiúr. Chonaic siad Nanór agus corp an rí ina lámha aige ag siúl i dtreo an chaisleáin.



An Gréasán Pobail in aghaidh Foréigean Baile

Bunaíodh an Clár Náisiúnta Forbartha agus Tacaíochta Pobail i 1990 mar aitheantas ar ról atá ag forbairt pobail i ndúl i ngleic le bochtanas agus míbhuntáiste.

Is é aidhm na n-eagras ar fad sa gClár ná réimse leathan seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair.

Déanann an clár iarracht tionchar a imirt ar struchtúir agus ar pholasaithe a chruthaíonn bochtanas agus idirdhealú ag leibhéal aitiúil, réigiúnach agus náisiúnta trí ghníomhartha, polasaithe agus cleachtais a chothú a chinnteoidh comhionannas do gach duine.

I 2001 bunaíodh an Gréasán Pobail in aghaidh Foréigean Baile, Reigiún an Iarthair (Gaillimh-Maigh Eo). Páirteach sa ngréasán tá na heagrais forbartha pobail (CDSPs) Tuaim, Coillte Mach, An Baile Bán/Muirbheach, Westside, Cluan Chearbán, Grúpa Tacaíocht Lucht Siúil na Gaillimhe, Parkside i mBéal an Átha, agus Pléaráca Teo. an grúpa Women of the NorthWest agus an eagraíocht tacaíochta West Training and Development.

Le tacaíocht ó Bhord Sláinte an Iarthair eagraíodh séisiúin traenála i nGaillimh agus i Maigh Eo i rith

na bliana d'fhoirne agus do bhainistíocht na n-eagras ata páirteach sa ngréasán. Is é an aidhm a bhí leis an traenáil ná aird a tharraingt ar Fhoréigean Baile agus na scileanna a theastaíonn a chur ar fáil d'eagrais le go mbeadh siadsan in ann tacaíocht a sholáthar ag leibhéal aitiúil. Cuirtear béim ar an tábhacht atá le eagraíochtaí a bheith in ann deileáil leis an gceist ag leibhéal aitiúil ar bhealach eolach, mothálach, profisiúnta. Leanfar le séisiúin traenála i 2002-2003.

Mar chuid d'obair an ghréasáin, cuireadh cód cleachtais le chéile. Tabharfaidh an cód cleachtais tacaíocht d'eagraíochtaí cleachtas maith a bhunú a mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar an bpobal. Sheol Gráinne Healy ó Chomhairle Náisiúnta na mBan an Cód Cleachtais i dTuaim ar an 28ú Meitheamh.

Is é an aidhm atá leis ná forbairt eolais a chur chun cinn chun léargas a thabhairt ar céard is cúis le foréigean baile agus díriú ar bhealaí éifeachtacha le deileáil leis. Sa bhfadtearma táthar ag súil, tríd an gcód cleachtais a chur i bhfeidhm taobh istigh de na hEagrais Forbartha agus Tacaíochta

Pobail agus sna rannóga deonacha go ginearálta, go dtiocfaidh laghdú ar an leibhéal foréigean baile.

Tá postaer deartha agus curtha ar fáil ag an ngréasán agus leagan Gaeilge de ar fáil do na ceantair Ghaeltachta. Tá sé i gceist freisin aistriúchán Gaeilge den chód cleachtais a bheith ar fáil go luath.

Tá meastóireacht déanta ag áisitheoir neamhspleách ar an traenáil agus ar obair an ghréasáin go dtí seo.

Ón obair atá ar siúl ag an ngréasán agus ón taithí atá ag na heagrais éagsúla ag deileáil le ceist an fhoréigin bhaile, tá sé soiléir gur mná agus gasúir is mó a bhíonn ag fulaingt, ach freisin tá fir, deirfiúracha agus deartháracha ag fulaingt. Cuireann foréigean baile as do dhaoine ó gach aicme, aois, cúlra, creideamh, gnéas agus cultúr.

Tá an tseirbhís a chuireann comhairle agus eolas ar fáil don phobal rúnda. Má tá tú ag fulaingt de bharr foréigean baile agus gur mhaith leat comhairle nó eolas a fháil faoi do chearta agus faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil duit, cuir glao ar Meta Uí Mháille ag 091-574346 -

nó déan teagmháil leis na seirbhísí seo leanas:

- Waterside House Refuge & Support Services 091- 565985
- Galway Rape Crisis Centre 1850-355-355 / 091-564983
- Women's Aid - líne tacaíochta 1800-341900

Mar a deireann an Postaer: Foréigean Baile "NÍL" aon áit sa bPobal dó.

Meta Uí Mháille